DUNDALK INSTITUTE of TECHNOLOGY
Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan

Tuarascáil Bhliantúil

Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan

2006 – 2007

Bunchuspóir

Is é bunchuspóir Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan oideachas agus seirbhísí triú leibhéal den scoth atá bainteach le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha an réigiúin sa chomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta a sholáthar don phobal.

Féachann an Institiúid le freagracht phearsanta a chothú i measc a mac léinn uile agus cur le gairmiúlacht a comhaltaí uile i dtimpeallacht thacúil, chuimsitheach agus tháirgiúil.

Dunvaik

Clár

Ráiteas an Chathaoirligh 6

Ráiteas an Uachtaráin 7

Roinn 1: Rialachas

1.1 Comhaltaí an Chomhlachta Rialaithe 11
1.2 An Fhoireann Shinsearach 12
1.3 An Fhoireann 13

Roinn 2: Forbairt Acadúil & Staitisticí Mac Léinn 15
2.1 An Chomhairle Acadúil 17
2.2 Forbairtí Acadúla 18
2.3 Staitisticí Rollaithe 18
2.4 Bronnadh Dámhachtainí Samhain 2006 19
2.4.1 Buaiteoirí Duaiseanna ag an mBronnadh Dámhachtainní Samhain 2006 19
2.4.2 Staitisticí faoi Bhronnadh Dámhachtainí 2006 20
2.5 Malartuithe Idirnáisiúnta 22
2.5.1 Staitisticí faoi Mhalartuithe Mac Léinn do mhic léinn atá ag fágáil 22
2.5.2 Mic Léinn ag teacht isteach ó thíortha an AE 22
2.5.3 Malartuithe Foirne 22
2.6 Scéalta Leabharlainne 23
2.7 An tIonad um Fhoghlaim ar feadh an tSaoil 24
2.8 Tuairiscí Scoile 25
2.8.1 An Scoil Ghnó & Daonnachtaí 25
2.8.2 An Scoil Innealtóireachta 26
2.8.3 An Scoil Altranais, Cnáimhseachais & Eolaíochta Feidhmí 26
2.8.4 An Scoil Faisnéisíochta, Ceoil & Meán Cruthaitheach 27

Roinn 3: Gníomhaíochtaí Forbartha 29
3.1 Clár Bainistíocht Sábháilteachta na hInstitiúide 31
3.2 Comhdhéanamh Choiste Bainistíocht Sábháilteachta na hInstitiúide 31
3.3 Forbairtí Campais 32
3.4 Taighde, Forbairt & Nuáil 32

Roinn 4: Cuntais Iniúchta 35
4.1 Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 37
4.2 Cuntas Ioncaim & Caiteachais 39
4.3 Clár Comhardaithe 40

Ráiteas an Cathaoirleach

Joanna Gardiner
Cathaoirleach

Onóir is ea é dom a bheith ceaptha ag an Aire Oideachais mar Chathaoirleach ar Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan agus táim ag tnúth le hoibriú i gcomhar le baill eile an bhoird, an Stiúrthóir Denis Cummins agus le foireann shinsearach na hInstitiúide chun a chinntiú go gcoimeádann an Institiúid an dea-cháil atá uirthi as feabhas ardoideachais.

Tá áthas orm a thuairisciú gur chomhlíon an Institiúid a bunchuspóir maidir le hoideachas agus seirbhísí tríú leibhéal ar ardchaighdeán a sholáthar agus tacú le forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha an réigiúin.

Díol sásaimh ab ea é an bhialann agus an bosca amharclainne a bheith tugtha chun críche agus ar oscailt in Eanáir 2007, go háirithe toisc gur thug an Comhlacht Rialaithe tús áite don tionscadal sin le roinnt blianta anuas. Is mar chomhpháirtíocht phoiblí phríobháideach a cuireadh an tionscadal sin i gcrích agus tógadh bloc cóiríochta do mhic léinn ar thailte cóngarach don Institiúid mar chuid den tionscadal.

Ráiteas an Stiúrthóir

Denis Cummins M.Sc.
Stiúrthóir

Is mór an onóir dom a bheith ceaptha i mo Stiúrthóir ar Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan i mbliana agus táim ag tnúth le dul i mbun oibre leis an gComhlacht Rialaithe agus le foireann na hInstitiúide chun díriú ar na dúshláin a bheidh romhainn.

Tá ardmheas ag gach ceann dá geallsealbhóirí ar an Institiúid agus tá dea-cháil uirthi as cláir ar ardchaighdeán a sholáthar agus tacú le fiontraíocht trína gníomhaíochtaí taighde agus clár ardáin fiontraíochta. Tá méadú ag teacht i gcónaí ar líon na mac léinn agus táthar ag súil le cúig mhíle mac léinn a chlárú sna chéad trí bliana eile.

De bhrí gurb iad tromlach (80%) na mac léinn an chéad ghlúin dá dteaghlaigh a chuaigh isteach in ardoideachas, táim meáite na tacaíochtaí atá ar fáil do na foghlaimeoirí sin a uasmhéadú le linn mo théarma mar Stiúrthóir ionas go mbeidh an deis is fearr is féidir acu chun an gealladh atá fúthu a fhíorú.

Eilimint amháin eile de mháistirphlean an Champais a cuireadh ar fáil i mbliana ab ea an bhialann agus an bloc amharclainne atá ar oscailt anois. Tá tús curtha le hobair ar athfhorbairt Fhoirgneamh Uí Chearúil ar son na Scoile Faisnéisíochta agus Meán Cruthaitheach.

Roinn 1
Rialachas

1.1 Baill an Chomhlachta Rialachais amhail ag 2006-2007

Teideal	Ionadaí thar ceann
Gardiner, Ms. Joanna	Cathaoirleach
Cummins, Mr. Denis	Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan
Callery, Mr. Niall	Ionadaí Fireannach na Mac Léinn
D'Arcy, Cllr. Jim	Coiste Gairmoideachais Chontae Lú
Dillon-Gallagher, Ann	Coiste Gairmoideachais Chontae Lú
Finn, Mr. Ger	Institiúid Innealtóireachta na hÉireann
Kelly, Cllr. Clifford	Coiste Gairmoideachais Chontae Chabháin
Kennedy, Ms. Mary	Baill den Fhoireann Acadúil
Keon, Dr. Niamh	Fiontraíocht Éireann
Kinch, Mr. Eamon	Coiste Gairmoideachais Chontae Lú
McCallion, Mr. Liam	Comhlachas Tráchtála Dhún Dealgan
McCormick, Mr. Patrick	Baill den Fhoireann Acadúil
McCoy, Mr. Brendan	Baill den Fhoireann Neamhacadúil
O'Brien, Mr. Frank	Ainmní an ICTU
O'Brien-Campbell, Ms. Maria	Coiste Gairmoideachais Chontae Lú
O'Rourke, Ms. Jennifer	Brainse Thoir Thuaidh na nGairmchomhairleoirí
Williamson, Ms. Martha	Coiste Gairmoideachais Chontae Mhuineacháin
Woods, Ms. April	Ionadaí Baineannach na Mac Léinn

▸ Ceapadh Ann Dillon-Gallagher an 12/01/2007 in áit Jenny Darcy

Bliain Acadúil	Cruinniú Uimh	Dáta
2006 - 2007	128	12/09/2006
	129	10/10/2006
	130	14/11/2006
	131	12/12/2006
	132	21/12/2006
	133	13/02/2007
	134	13/03/2007
	135	12/04/2007
	136	08/05/2007
	137	14/06/2007
	138	13/07/2007

1.2 An Fhoireann Shinsearach

An Bhainistíocht Shinsearach

An Dr. Tom Collins	Stiúrthóir (go dtí an 22 Eanáir 2006)
Mr. Denis Cummins	Stiúrthóir (ón 23 Eanáir 2006)
Mr. Gerry Carroll	Ceann Forbartha
Mr. Peter McGrath	Rúnaí / Rialaitheoir Airgeadais
Mr. Stephen McManus	Cláraitheoir
Mr. Cathal Kearney	Ceann na Scoile Staidéar Gnó & Daonnachtaí
Mr. John Connolly	Ceann na Scoile Innealtóireachta
An Dr. Siobhan O'Halloran	Ceann na Scoile Altranais (go dtí Lúnasa 2006)
An Dr. Gerard (Bob) McKiernan	Ceann na Scoile Faisnéisíochta, Ceoil agus Meán Cruthaitheach (ón 13 Meitheamh 2007)

Cinn Roinne

Mr. Shane Hill	Ceann Gníomhach na Roinne Staidéar Airgeadais, Bainistíochta agus Gairmiúil
Mr. Larry Murphy	Ceann Gníomhach Staidéar Gnó M.F. 2006 go Lúnasa 2007
An Dr. David Getty	Ceann Gníomhach na Roinne Daonnachtaí go dtí 2006
An Dr. Eibhlis Farrell	Ceann na Roinne 2007
Mr. Eugene Roe	Ceann na Roinne Ceoil & Meán Cruthaitheach
An Dr. Dan O'Brien	Ceann na Roinne Innealtóireachta Meicniúla/Déantúsaíochta
An Dr. Patrick Feenan	Ceann na Roinne Innealtóireachta Leictreonaí
Mr. Gerry McTaggart	Ceann na Roinne Staidéar Bonneagair & Comhshaoil
Mr. Shane Dowdall	Ceann na Roinne Altranais & Staidéar Sláinte Ceann Gníomhach na Roinne Faisnéisíochta & Meán Cruthaitheach go dtí an 31 Lúnasa 2007

Cinn Feidhme

Mr. Brendan Keane	Bainisteoir Airgeadais
Mr. Gerald O'Driscoll	Bainisteoir Acmhainní Daonna
Mr. Conor Lait	Bainisteoir Eastát
Mr. James McCahill	Bainisteoir TF
Ms. Linda Murphy	Bainisteoir Gnóthaí Acadúla, Riaracháin & Mac Léinn
Ms. Irene Monaghan	Bainisteoir Idirchaidrimh Thionsclaíoch
Ms. Ann Cleary	Ceann Straitéise ón 4ú Bealtaine 2006
Ms. Lorna O'Connor	Leabharlannaí Gníomhach ón 4ú Bealtaine 2006

1.3 An Fhoireann

Foireann Nua	Post
Riachtanais Speisialta	
Ms. Bernadette Kavanagh	Riachtanais Speisialta
Riarachán	
Ms. Ita McGuigan	Oifig Gairmeacha
Ms. Michelle Finnegan	Staidéar Gnó Grád III
Ms. Terese Dunne	Airgeadas Grád III
Roinn an Chláraitheora	
Mr. Paul O'Hale	Oifigeach Teicniúil
Mr. Paul Scollon	Teicneoir
Seirbhísí an Choláiste	
Ms. Una Mackin	Seirbhísí an Choláiste
Leabharlann	
Ms. Patricia Flanagan	Cúntóir Leabharlainne
Eastáit	
Mr. Joseph Boland	Airíoch
Ionad Forbartha Réigiúnaí	
An Dr. Paul MacArtain	Bainisteoir Tionscadail
Mr. Stuart Quinn	Clár Seachtrach Cuntasóir Institiúid Taighde
Mr. David Connolly	Matán Réidh Taighdeoir Iar-Dhochtúireachta
Mr. Roddy Large	
Ms. Aisling Dundon	RDC Taighde Seachtrach
Mr. Garrett Duffy	Bainisteoir Thionscadal Seachtrach RDC
Mr. Steven Bourke	Taighde Iar-Dhochtúireachta Matán Réidh
An Scoil Innealtóireachta	
Mr. Ama Oji	Léachtóir, Innealtóireacht Bonneagair & Comhshaoil
Ms. Finola Fegan Duffy	Tógáil & Suirbhéireacht
An Scoil Altranais, Staidéar Sláinte & Eolaíochta Feidhmí	
Ms. Caroline Gilleran	Léachtóir Eolaíocht Fheidhmeach
Ms. Mary McSkeane	Léachtóir Cúnta Sláinte
An Scoil Staidéar Gnó & Daonnachtaí	
Ms. Carol McGowan	Léachtóir sna Daonnachtaí

Rialachas

Imithe ar Scor	Post
Mr. Sean Redahan	Léachtóir sa Scoil Innealtóireachta
Ms. Frances McKenna	Leabharlann
Mr. Michael Mullin	Léachtóir sa Roinn Eolaíochta Feidhmí
Mr. Tom Sharkey	Léachtóir sa Scoil Innealtóireachta

Baill Foirne a d'éirigh as	Post
Ms Jeneen Naji	Léachtóir sna Meáin Chruthaitheacha

Roinn 2

Forbairtí Acadúla & Staitisticí Mac Léinn

2.1 An Chomhairle Acadúil

Foras reachtúil is ea an Chomhairle Acadúil arna bunú faoi Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992) agus cúram uirthi as caighdeáin acadúla a choimeád agus Rialacháin Acadúla a cheapadh. Déanann an Chomhairle Acadúil moltaí don Bhord Stiúrtha, agus is é an Cláraitheoir Rúnaí na Comhairle. Tá ballraíocht de thriúr is daichead lena n-áirítear beirt mhac léinn ar an gComhairle Acadúil.

Cummins, Denis, (Cathaoirleach)	King, Briege
Bacik, Henry	Logue, Dermot
Bellew, Seamus	McArdle, Ailish
Brennan, Breda	McCabe, Alan
Carroll, Gerard	McCormick, Patrick
Carney, Noreen	McEvoy, Alvin
Coggins, David	McGahon, Luke
Crowley, Richard	McGuigan, Padraig
Dunne, Sinead	McKenna, Noel
Erraught, Brianain	McKiernan, Gerard (Bob)
Farrell, Eibhlis	McManus, Stephen (Rúnaí)
Fearon, Fiona	O'Donoghue, Jim
Feenan, Patrick	McTaggart, Gerry
Gallagher, Gerry	Nallen, Kathleen
Getty, David	O'Brien, Daniel
Healy, Edel	O'Connor, Lorna
Hill, Shane	Quigley, Denise
Horn, Christian	Roe, Eugene
Kanal, Subash	Rourke, Antoinette
Kearney, Cathal	Ryder, Brendan
Kierans, Anne	Short, Angela
Kinch, Eamon	Vallely, Fintan

Bliain Acadúil	Cruinniú Uimh.	Dáta
2006 - 2007	88	Dé Céadaoin an 27 M.F. 2006
	89	Dé Céadaoin an 25 D.F. 2006
	90	Dé Céadaoin an 22 Samh.2006
	91	Dé Céadaoin an 13 Noll.2006
	92	Dé Céadaoin an 2 Fea.2006
	93	Dé Céadaoin an 21 Már.2007
	94	Dé Céadaoin an 25 Aib.2007
	95	Dé Céadaoin an 4 Beal.2007
	96	Dé Céadaoin an 30 Beal.2007
	97	Dé hAoine an 22 Meith.2007

2.2 Forbairtí Acadúla

Seo a leanas liosta na gClár Nua sa bhliain 2006-07

Staidéar Gnó & Daonnachtaí

- Baitsiléir Gnó (Onór.) i mBainistíocht Idirnáisiúnta
- Baitsiléir Ealaíon (Onór.) i gCaidreamh Poiblí
- Máistreacht i Riarachán Gnó (Feidhmiúcháin)
- Ard-Teastas Staidéar Gnó i Staidéar Turasóireachta agus Fáilteachais

Altranas & Eolaíocht

- B.Sc. in Eolaíocht Bhia & Sláinte
- B.Sc. (Onór.) i Nuálaíocht Bhia
- B.Sc. sa Talmhaíocht
- B.A. (Onóracha) i Staidéar Luath-Óige
- B.Sc. i mBainistíocht Ghairmiúil na hIonsaitheachta & an Fhoréigin
- B.Sc. (Onór.) sa Chnáimhseachas
- Ard-Dioplóma sa Chnáimhseachas

2.3 Staitisticí Rollaithe

Clárúcháin Mac Léinn de réir Dáimh/Bliana/Inscne

Scoil / Roinn	BI1	BI2	BI3	BI4	BI5+	Fireann	Baineann	Iomlán
Staidéar Gnó & Daonnachtaí	586	374	442	157	31	619	971	1590
Ríomhaireacht	143	103	74	60	19	277	122	399
Innealtóireacht	232	125	159	60	24	546	54	600
Altranas & Eolaíocht	263	185	148	328	80	352	733	1058
Iomláin	1224	787	823	605	154	1794	1880	3647

► Seoladh an BA (Onór) I gCaidreamh Poibli, Eanáir 2007. (ó chlé: Bill O'Herlihy, Tara Kinney, Colin Cooney, Liz Englishby, Cathal Kearney, Paula Reilly, Ciara O' Connor, Shane Hill, Janeen Naji.

2.4 Bronnadh Dámhachtainí Samhain 2006

2.4.1 Buaiteoirí Duaiseanna Samhain 2006

Duais	Buaiteoir na Duaise	Cúrsa
Duais an Stiúrthóra as Feabhas Acadúil	Margaret Coyle	B.Sc. (Onór.) i mBainistíocht Cáilíochta
Duais an Stiúrthóra as Feabhas Acadúil	David Donnelly	B. Eng. in Innealtóireacht Shibhialta
Duais an Stiúrthóra as Feabhas Acadúil	Anthony Walsh	Dámhachtain Speisialta
Dámhachtain HETAC do Mhac Léinn na Bliana	Jack English	Ardteastas Innealtóireachta san Innealtóireacht Shibhialta
Duais an Stiúrthóra as Feabhas Acadúil	Anna Mc Dermott	B.Sc. (Onór.) san Altranas Ginearálta
Duais an Stiúrthóra as Feabhas Acadúil	Trudy Smyth	B.Sc. (Onór.) in Eolaíocht Bhia & Teicneolaíocht i dTáirgeadh Bia
Duais an Stiúrthóra as Feabhas Acadúil	Derek Flood	B.Sc. (Onór.) sa Ríomhaireacht i dTeicneolaíochtaí Idirlín
Duais an Stiúrthóra as Feabhas Acadúil	Antony Gibbons	B.Sc. i bhFeidhmchláir & i dTacaíocht Ríomhaireachta
Duais an Stiúrthóra as Feabhas Acadúil	Kevin Mulholland	B.A.. i gCeannaireacht Spóirt Pobail
Duais an Stiúrthóra as Feabhas Acadúil	Donna Hunter	B.A. (Onór.) i gCuntasaíocht & Airgeadas
Duais an Stiúrthóra as Feabhas Acadúil	Eimear Murphy	B.Bs i nGnó Idirnáisiúnta
Dámhachtain FETAC do Mhac Léinn na Bliana	Grace Slattery	Teastas Náisiúnta FETAC i Scileanna Fáilteachais
Duais an Stiúrthóra as Rannchuidiú le Saol na hInstitiúide /an Phobail	Jiwan Jodhani	Dámhachtain Speisialta

2.4.2 Staitisticí faoi Bhronnadh Dámhachtainí 2006

An Scoil Gnó & Daonnachtaí	Líon na Mac Léinn
M.B.A. Riaracháin Ghnó	21
M.B.A. Staidéar Gnó i bhFiontraíocht & Margaíocht	2
B.Bs i mBainistíocht & Riarachán	102
Ardteastas i nGnó i Staidéar Bainistíochta & Riaracháin	87
Ardteastas i nGnó i gCórais Eolais Oifige	36
B.A. (Onór.) i gCeannaireacht Spóirt Pobail	20
B.A. i gCeannaireacht Spóirt Pobail	23
B.Bs (Onór.) i Margaíocht	27
B.A. (Onór.) i gCuntasaíocht & Airgeadas	60
B.Bs (Onór.)	65
B.Bs i nGnó Idirnáisiúnta	24
B.Bs i mBainistíocht na nEalaíon Cócaireachta	11
B.Bs i mBainistíocht Fáilteachais	13
Teastas Náisiúnta FETAC i gCócaireacht Ghairmiúil	17
Teastas Náisiúnta FETAC i Scileanna Fáilteachais	9
Teastas FETAC i Léiriú Ilmheáin sna Meáin Chruthaitheacha	10
B. A. (Onór.) i Léann an Chultúir	20
B. A. Léann an Chultúir Fheidhmigh	22
B.A. i Staidéar Sóisialta Fheidhmeach i gCúram Sóisialta	29
Ardteastas Ealaíon i Staidéar Pobail	12
Ardteastas Ealaíon i Staidéar ar Chríocha Teorann	19
Teastas sa Bhéarla & i Sochaí & Cultúr an Iarthair	23
Iomlán	**652**

An Scoil Innealtóireachta	Líon na Mac Léinn
B.Sc. (Onór.) i Suirbhéireacht Tógála	41
B.Sc. Foirgníochta i Suirbhéireacht Tógála	36
B.Eng. in Innealtóireacht Shibhialta	36
Diop. Náisiúnta san Innealtóireacht Shibhialta	1
Ardteastas Innealtóireachta san Innealtóireacht Shibhialta	42
Ardteastas Eolaíochta san Fhoirgníocht	33
B.Sc. (Onór.) i mBainistíocht Cáilíochta	26
B.Sc. i mBainistíocht Cáilíochta	29
B.Eng. san Innealtóireacht Mheicniúil	10
Ardteastas Innealtóireachta san Innealtóireacht Dhéantúsaíochta	6
Ardteastas Innealtóireachta san Innealtóireacht Mheicniúil	13
B.Eng. (Onór) in Innealtóireacht Dearadh Táirge	9
B.Eng. sa Leictreonaic, sa Déantúsaíocht, sa Bhainistíocht & sa tSeirbhís	12
B.Eng. i Leictreonaic – Forbairt Táirgí	2
Ardteastas Innealtóireachta san Innealtóireacht Leictreonach	5
Iomlán	**310**

An Scoil Faisnéisíochta, Ceoil & Meán Cruthaitheach	Líon na Mac Léinn
MA le Taighde	1
M.Sc. i dTeicneolaíocht an Cheoil	3
M.Sc. Chumarsáid Thodhchaí sa Teicneolaíocht Chruthaitheach	8
M.Sc. sa Ríomhaireacht	8
Dioplóma Iarchéime Eolaíochta i gCumarsáid Thodhchaí i dTeicneolaíocht Chruthaitheach	2
B.Sc. (Onór.) Ríomhaireachta i Ríomhaireacht Thráchtála	9
B.Sc. (Onór.) Ríomhaireachta i mBainistíocht Theicneolaíocht an Eolais	28
B.Sc. (Onór.) Ríomhaireachta i dTeicneolaíochtaí Idirlín	9
B.Sc. Ríomhaireachta i bhFeidhmchláir & i dTacaíocht	10
B.Sc.Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí	17
B.Sc.Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí agus i bhFraincis	1
Dioplóma Náisiúnta Ríomhaireachta i bhForbairt Bogearraí	1
Ard-Dioplóma Eolaíochta i bhFeidhmchláir & i dTacaíocht	11
Ardteastas Eolaíochta i bhForbairt Bogearraí	16
Teastas Náisiúnta Ríomhaireachta i bhFeidhmchláir & i dTacaíocht	1
B.A. (Onór) Cumarsáide in Ilmheáin Chruthaitheacha	18
B.A. i gCumarsáid (Ilmheáin)	25
Iomlán	**168**

An Scoil Altanais, Staidéar Sláinte & Eolaíochta Feidhmí	Líon na Mac Léinn
B.Sc. (Onór.) san Altranas Ginearálta	43
B.Sc. (Onór.) san Altranas Síciatrach	14
B.Sc. (Onór.) san Altranas Míchumais Intleachta	18
B.Sc. (Onór.) san Altranas	54
B.Sc. san Altranas Míchumais Intleachta	1
Ard-Dioplóma Eolaíochta san Altranas Meabhairshláinte	7
Ard-Dioplóma Eolaíochta san Altranas Ortaipéideach	4
B.Sc. san Altranas	8
Ard-Dioplóma Eolaíochta san Altranas Míchumas Intleachta (Iompraíocht Dhúshlánach)	4
Ard-Dioplóma Eolaíochta san Altranas Ginearálta (Seanóir)	2
B.Sc. (Onór.) Eolaíocht Bhia & Teicneolaíochta i bhForbairt Táirge	7
B.Sc. in Eolaíocht Bhia & Teicneolaíocht	5
Ardteastas Eolaíochta sa Talmhaíocht	15
Ardteastas Eolaíochta i Seirbhís Bia	7
Iomlán	**189**
Líon Iomlán a Fuair Dámhachtainí	1319

2.5 Malartuithe Idirnáisiúnta

2.5.1 Staitisticí do Shreabha Malartuithe Mac Léinn

Mic Léinn na hInstitiúide a chuaigh thar lear sa bhliain acadúil 2006/07, is chuig coláistí comhpháirtíochta sna cinn scríbe AE seo a leanas a chuaigh siad

Ceann Scríbe - Chuig	Líon na nDaltaí	Iomlán
An Danmhairg		
Cóbanhávn	4	4
An Fhionlainn		
Rauma	2	2
An Fhrainc		
Annecy	4	
Angers	1	
Arras	1	9
Montpellier	2	
Lyon	1	
An Ghearmáin		
Hildesheim	1	
Luneburg	3	6
Heilbronn	2	
An Spáinn		
Valencia	1	1
Iomlán		**22**

2.5.2 Daltaí a tháinig isteach san Institiúid i mbliain acadúil 2006-07 is ós na tíortha AE seo a leanas a tháinig siad

Ceann Scríbe - As	Líon na nDaltaí	Iomlán
An Fhionlainn		
Satakunta	2	2
An Fhrainc		
Annecy	3	
Angers	1	
Montpellier	3	
Lyon	4	
Beziers1	1	
Nantes	6	
Avignon	2	
Le Harve	9	
Savoie	4	
Caen	5	38
An Eastóin		
Audentes	2	2
An Spáinn		
San Pablo	1	1
Iomlán		**43**

2.5.3 Malartuithe Foirne

Tír	Coláiste Comhpháirtíochta	Ag teacht isteach
An Spáinn	Badajoz	1
	Comhpháirtíochta	1
An Fhrainc	Annency	1
	Avignon	1
	Nantes	1
	Angers	1
An Iorua	Stord	1
An Eastóin	Audentes	1
Iomlán		**8**

2.6 Scéalta Leabharlainne

An Fhoireann
Tar éis seisiúin tús eolais d'fhoireann na hInstitiúide bhí an Leabharlann ar cheann de na háiteanna is túisce san Institiúid a raibh Córas Bainistíochta Forbartha agus Feidhmíochta (CBFF) trialach aici i Samhradh 2006 .

Seirbhísí
I Lúnasa 2007 eagraíodh dhá scéimeanna trialacha a cuireadh i bhfeidhm ina dhiaidh sin. B'iad sin seirbhís chomhrá meandrach MSN Messenger agus foirm fiosraithe bunaithe ar an nGréasán. Rinne an dá sheirbhís sin é níos fusa ar úsáideoirí a n-iarratais a chur in iúl don Leabharlann. I mí na Nollag 2007 d'fhoilsigh an Leabharlann an 1ú eagrán den leabhrán "Credit where Credit is Due" chun bradaíl agus tagairtí a mhíniú agus treoirlínte a sholáthar ar conas córas Tagairtí Harvard a úsáid san Institiúid.

ISO 9001 - ullmhú
Eagraíodh ceardlanna agus cúrsaí oiliúna, lena n-áirítear oiliúint Microsoft Viso, chun taithí a thabhairt don fhoireann ar chóras Bainistíocht Cháilíochta ISO agus iad a threalmhú leis na scileanna is gá chun creidiúnú ISO a lorg.

Spás
Tugadh an obair athchóirithe ar an áit Staidéir Chiuin ar Urlár 2 chun críche i mí Mheán Fómhair. Rinneadh athchóiriú ar na deighilteoirí idiri na cairréil agus baineadh aon ghraifití a bhí ar na boird. Suiteáladh dhá stáisiún éisteachta breise ar mhaithe le húsáideoirí ar mian leo éisteacht le CDanna ceoil sa Leabharlann.

Foireann Nua 2006-2007
Paddy Flanagan, *Cúntóir Leabharlainne, páirtaimseartha*
Claire O'Dwyer, *Oiliúnaí Céimí*

Socrúcháin Obair Shamhraidh
Marie Vaireaux, *Institut Universitaire de Technologie, Le Havre*

Imithe ar Scor
TBa é an t-athrú ba mhór ar an ngrúpa foirne sa bhliain 2006/2007 dul ar scor Frances McKenna. D'oibrigh Frances sa Leabharlann ó thús na seachtóidí. Bhí saineolas leathan aici agus dhírigh sí ar an mbailiúchán a leathnú thar aon ní eile. Bhí ardmheas ag a comhghleacaithe ar fud na hInstitiúide uirthi. Bhí cáil uirthi as a gairmiúlacht, a dearcadh dearfach, a greann séimh agus a cineáltacht.

Buaicphointe na Bliana
- Mórshuirbhé aiseolais ar na mic léinn – bhí 93% díobh sásta leis an leibhéal seirbhíse tríd is tríd.
- Suiteáladh aonad lasmuigh den Leabharlann chun leabhair a chur ar ais ann lasmuigh d'uaireanta oscailte
- Foirmeacha fiosraithe Gréasáin agus comhrá MSN Messenger ar fáil beo
- Bunachar sonraí Science Díreach ar fáil anois
- Athchóiriú ar an Áit Staidéar Chiúin
- T-léinte do chlárú na mac léinn
- Gairdín Dín na Leabharlainne ar oscailt

2.7 An tIonad um Fhoghlaim ar feadh an tSaoil

Clárúcháin Mac Léinn 06/07	
Líon na nDaltaí	1325
Líon na gCúrsaí ar Fáil	62

Bunaíodh an tIonad um Fhoghlaim ar feadh an tSaoil san Institiúid sa bhliain 2000 agus cuid d'fheidhm Forbartha na hInstitiúide a bhí ann ar dtús. Cuid den Scoil Ghnó agus Daonnachtaí is ea é anois. Triúr bhall foirne lánaimseartha atá aige agus oibríonn 35 léachtóir nó mar sin ann, a bhformhór go páirtaimseartha. Tá an tIonad freagrach as pleanáil straitéiseach foriomláin, bainistíocht oibríochta, earcú foirne, margaíocht, forbairt gnó nua agus rialú caighdeáin acadúil na gcúrsaí foghlama ar feadh an tsaoil agus forbartha gairmiúla san Institiúid.

An Fhoireann Lánaimseartha	Post
Anton Barrett	Bainisteoir
Karen English	Riarthóir
Eileen Quinn	Riarthóir

I gcaitheamh chéad seacht mbliana an Ionaid d'fhás rollú páirtaimseartha de 180% ó 471 mac léinn sa bhliain 2000 go 1,325 sa bhliain 2006-2007 a bhfuil 50% díobh ag déanamh staidéir i leith cáilíocht FETAC nó HETAC nó cáilíocht ghairmiúil. Mná ab ea 52% díobh. Ach ón mbliain 2006-07 go dtí 2009-10 thit líon na mac léinn go suntasach ó 1,325 go 838 (laghdú de 37%). Ba é 57% de mhná agus 43% d'fhir an chothromaíocht inscne sa bhliain 2009-10.

Thairg an tIonad um Fhoghlaim ar feadh an tSaoil 62 cúrsa páirtaimseartha san iomlán sa bhliain 2006-2007 mar seo a leanas

An Scoil Gnó & Daonnachtaí
Teastas/Dioplóma/Céim BBS i Staidéar Gnó
Teastas/Dioplóma/Céim B.A. i mBainistíocht Phoiblí
Teastas i mBainistíocht Líne Thosaigh – Bliain 1
Teastas i mBainistíocht Mhaoirseachta – Bliain 2
Céim i mBainistíocht an tSlabhra Soláthair
Ardteastas Gnó i bhForbairt Fiontraíochta
Máistreacht Fheidhmiúcháin i Riarachán Gnó
CPA Cuntasaíocht
Teicneoir Cuntasaíochta
Teastas i Scileanna Margaíochta
Tús Eolais ar Bhainistíocht Acmhainní Daonna
Teicneoir Párolla faoi Dheimhniú IPASS

Fáilteachas agus Lónadóireacht
Cócaireacht Gourmet

Daonnachtaí
Ardteastas i Staidéar Pobail
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i bhForbairt Pobail
B.A. (Onóracha) Daonnachtaí i Staidéar Críocha Teorann
Fraincis do Thosaitheoirí
Fraincis d'Fheabhsaitheoirí
Spáinnis do Thosaitheoirí
Spáinnis d'Fheabhsaitheoirí
Tús Eolais ar an nGrianghrafadóireacht
Grianghrafadóireacht - Leibhéal 2
Clár Scannánaíochta Neamhspleách
Tús Eolais ar Dhearadh Intí
Dearadh Intí - Leibhéal 2
Dioplóma i nDearadh Intí
Tús Eolais ar Theoiric an Cheoil
Tús Eolais ar Bhainistíocht Díobhála Spóirt

Innealtóireacht
Rialaitheoirí Loighce Inchláraithe - Leibhéal 1
Rialaitheoirí Loighce Inchláraithe - Leibhéal 2
Neomaitic Thionsclaíoch
Bainistíocht Foirgnimh agus Saoráidí
Táthú do Thosaitheoirí
Dearadh Ríomhchuidithe - Leibhéal 1
Dearadh Ríomhchuidithe - Leibhéal 2
Teicneolaíochtaí Fuinnimh In-athnuaite
Athchóiriú Gluaisrothar
Teastas i nDearbhú Cáilíochta - Páirteanna 1 & 2
Teastas i mBainistíocht Cáilíochta
Dioplóma i mBainistíocht Cáilíochta
Baitsiléir Eolaíochta i mBainistíocht Cáilíochta
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistíocht Cáilíochta
OL - Dioplóma Céimí i mBainistíocht Cáilíochta
OL - Máistreacht Eolaíochta i mBainistíocht Cáilíochta
Teastas Fhundúireacht NISO i Sláinte agus Sábháilteacht

Ríomhaireacht
Máistreacht Eolaíochta sa Ríomhaireacht
Comhlach Líonra faoi Dheimhniú CISCO
Ríomhairí do Thosaitheoirí
Ríomhairí do Sheanóirí
ECDL
ECDL Advanced Word
ECDL Advanced Excel
Tús Eolais ar Dhearadh Leathanach Gréasáin
Adobe Photoshop - Leibhéal 1
Adobe Photoshop - Leibhéal 2
Cothabháil Ríomhaire Pearsanta
Conas an tIdirlíon & Gréásáin a úsáid sa Bhaile nó i nGnóthas Beag
Conas Bogearraí Linux and Open Source a úsáid
Bainistíocht Tionscadal le MS Project
Prionsabail Chláraithe
Forbairt Déantán-Bhunaithe
Visual Basic

2.8 Tuarascálacha na Scoileanna

2.8.1 An Scoil Gnó & Daonnachtaí

Staitisticí Rollaithe Mac Léinn

Roinn	2005/06	2006/07
Daonnachtaí	474	289
Fáilteachas	183	265
Staidéar Bainistíochta & Airgeadais	437	559
Staidéar Gnó	587	574
Iomlán	**1681**	**1887**

Gnóthachtáil na Mac Léinn

Shroich mic léinn gnó an babhta deireanach i gComórtas Fiontraíochta Newstalk.

► Fiontraí Baineann na hInstitiúide, 9ú Deireadh Fómhair 2006

2.8.2 An Scoil Innealtóireachta

2006 – 2007

Tar éis do John Connolly dul ar scor óna phost mar Cheann na Scoile Innealtóireachta ag deireadh na bliana acadúla 2005 – 2006, ceapadh Eugene Roe sa phost agus chuaigh sé i mbun oibre an 1 Meán Fómhair 2006. Bhí John Connolly ar dhuine de bhunaitheoirí na Scoile Innealtóireachta agus bhí sé ina léachtóir agus ina acadóir sinsearach ó na 1970ídí luatha. Ba é an chéad Cheann ar Scoil Innealtóireachta na hInstitiúide é. Chláraigh na chéad mhic léinn don M.Sc. i gCórais Fuinnimh In-athnuaite sa bhliain acadúil seo. Cúrsa saincheadaithe ó Ollscoil Loughborough sa RA ab ea an clár nua ina chéad bhliain, go mór mór de thoradh iarrachtaí Mr. Larry Staudt ón Ionad Fuinnimh In-athnuaite ag Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (CREDIT) agus an Dr. Daniel O'Brien, Ceann na Roinne Innealtóireachta Leictrí agus Leictreonaí.

Ba i Meán Fómhair, leis, a chláraigh na chéad daltaí sa B.Eng. in Innealtóireacht Seirbhísí Tógála agus sa B.Eng. i gCórais Leictreacha agus Leictreonacha, a bhfuiltear tar éis an ceann deiridh sin a athstruchtúrú.

Ceapadh Mr. Pádraig McGuigan mar Cheann Gníomhach ar an Roinn Innealtóireachta Meicniúla, tar éis Eugene Roe a bheith ceaptha ina Cheann Scoile.

Ag deireadh na bliana acadúla 2006 – 2007, chuaigh Mr Tom Sharkey ar scor óna phost mar Cheann Roinne freagrach as Printísigh Chearpeantóireachta-Siúnéireachta.

2.8.3 An Scoil Altranais, Cnáimhseachais & Eolaíocht Fheidhmeach Cuimsíonn

Seo a leanas eilimintí na Scoile Sláinte agus Eolaíochta

1 An Roinn Eolaíochta Feidhmí

2 An Roinn Altranais/Cnáimhseachais/Staidéar Sláinte (NMHS)

3 Ionaid Taighde
- Netwell
- An tIonad um Staidéar Úruisce
- Ionad Taighde ar Mhatán Réidh

Staitisticí Rollaithe

Roinn	Cineál an Chláir	Líon na ndaltaí
NMHS	Páirtaimseartha	64
NMHS	Lánaimseartha	535
Eolaíocht Fheidhmeach	Lánaimseartha	177
Scoil	Taighde Iarchéime	5
Iomlán na Scoile		**781**

Imeachtaí
- Reáchtáladh Seachtain na hEolaíochta ar 13 Samhain, 2006
- Eagraíodh 'Lab in a Lorry', bhí breis is 100 dalta iar-bhunscoile páirteach san eispéireas seo i saotharlann ghluaisteach.
- D'eagraigh an tIonad um Staidéar Úruisce, Scoil na hEolaíochta Feidhmí 'Walter's World of Water' mar cheardlann do dhaltaí iar-bhunscoile.
- Thug baill foirne agus mic léinn ón Roinn Altranais/ Cnáimhseachais/Staidéar Sláinte cuairt ar shaoráidí cúram sláinte in Uganda agus san Tansáin mar chuid de chlár saorálaithe thar lear.

Eolas Eile
- Thug baill foirne agus mic léinn ón Roinn Altranais/ Cnáimhseachais/Staidéar Sláinte cuairt ar shaoráidí cúram sláinte in Uganda agus san Tanzáin mar chuid de chlár saorálaithe thar lear.
- Críochnaíodh saotharlann taighde sa Roinn Eolaíochta Feidhmí

2.8.4 An Scoil Faisnéisíochta, Ceoil & Meán Cruthaitheach

Cláir sa Scoil agus Clárú Mac Léinn

Réimse	Teideal		Lánaimseartha (blianta)
Ríomhaireacht	B.Sc Ríomhaireachta i bhForbairt Bogearraí	7	3 (ab-initio)
Ríomhaireacht	B.Sc. Ríomhaireachta i bhFeidhmchláir & i dTacaíocht	7	3 (ab-initio)
Ríomhaireacht	B.Sc. Ríomhaireachta i bhFeidhmchláir & i dTacaíocht	7	3 (ab-initio)
Ríomhaireacht	B.Sc Ríomhaireachta i bhForbairt Bogearraí agus i bhFraincis	7	3 (ab-initio)
Meáin Chruthaitheacha	Baitsiléir Ealaíon Chumarsáide in Ilmheáin Chruthaitheacha	7	3 (ab-initio)
Ríomhaireacht	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht Thráchtála	8	1 (breisiú)
Ríomhaireacht	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) Ríomhaireachta i mBainistíocht Theicneolaíocht na Faisnéise	8	1 (breisiú)
Meáin Chruthaitheacha	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) Chumarsáide in Ilmheáin Chruthaitheacha	8	1 (breisiú)
Ríomhaireacht	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) Ríomhaireachta i dTeicneolaíochtaí Idirlín	8	4 (ab-initio)
Ríomhaireacht	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) Ríomhaireachta i bhForbairt Cluichí	8	4 (ab-initio)
Ceol	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCeol Feidhmeach	8	4 (ab-initio)
Ríomhaireacht	Máistreacht Eolaíochta sa Ríomhaireacht	9	1
Ceol	M.A./M.Sc. i dTeicneolaíocht an Cheoil	9	1.5

Sa bhliain acadúil seo tháinig 141 mac léinn chéad bhliana isteach i gcláir éagsúla (93 sna Meáin Chruthaitheacha agus 19 i gCeol); 464 mac léinn san iomlán a bhí sa scoil, ar laghdú de 8% é sin ar na mbliain roimhe. Níor chláraigh mac léinn ar bith don B.Sc. (Onór.) Ríomhaireachta i dTeicneolaíochtaí Idirlín.

Céimithe

Fuair 156 mac léinn céimeanna ón Scoil (100 Ríomhaireacht, 53 Meáin Chruthaitheacha agus 3 Ceol) a bronnadh i Samhain 2006, lena n-áirítear na chéad 18 gcéimí ón gcúrsa B.A. (Onóracha) Cumarsáide sna Meáin Chruthaitheacha, na chéad trí chéimí ón Máistreacht i dTeicneolaíocht an Cheoil agus na chéad deich gcéimí ón gcúrsa M.Sc agus PGDip. Chumarsáid Thodhchaí i dTeicneolaíocht Chruthaitheach. Bhain ochtar céimí Máistreacht i gcúrsa an MSc sa Ríomhaireacht, i mbliain ina bhfuarthas na chéad torthaí ar chinntí a rinneadh i mblianta roimhe sin chun méadú a dhéanamh ar an soláthar ar leibhéal na n-iarchéimeanna múinte.

Bhain 64 duine céim ar leibhéal 8, 54 ar leibhéal 7, agus 17 ar leibhéal 6. D'fhéadfaí é sin a chur i gcomparáid le blianta roimhe sin mar a raibh céatadán níos airde céimithe ar leibhéal 6, a léiríonn an deireadh atá á chur de réir a chéile le soláthar clár ar leibhéal 6, i bhfabhar iontráil ab-initio ar leibhéal 7.

An Bord Scoile

Bunaíodh an chéad Bhord Scoile i bhFeabhra 2007. Is iad téarmaí tagartha an Bhoird dul i mbun oibre le Ceann na Scoile chun pleananna straitéiseacha a cheapadh, a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh orthu i bhfianaise phlean straitéiseach foriomlán na hInstitiúide; forbairt straitéiseach sraith clár na Scoile a phleanáil; cumarsáid agus roinnt eolais éifeachtach a chur ar aghaidh sa Scoil; rannpháirtíocht agus braistint comhghleacaíochta a chothú sa Scoil; comhordú gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama agus taighde a chur ar aghaidh i measc na ranna; beartais agus straitéisí a bhaineann leis an Institiúid go ginearálta a chur ar aghaidh agus a chur i bhfeidhm chomh maith le beartais agus straitéisí a bhaineann leis an Scoil ar fad a cheapadh, a chur i bhfeidhm agus a mheasúnú.

Ionad Foghlama TF

Tháinig an tIonad Foghlama TF, a bunaíodh sa Roinn Ríomhaireachta agus Matamaitice sa bhliain 2005, chun bheith ina acmhainn thábhachtach do mhic léinn. D'fhreastail mórchuid mac léinn ón gcéad agus ón dara bliain d'fhorbairt bogearraí ar an Ionad chun freastal ar ranganna teagaisc duine le duine agus ar ranganna grúpa.

Forbairtí Acadúla & Staitisticí Mac Léinn

Taighde

Lean an fás ar ghníomhaíocht taighde iarchéime. Tá €500,000 de chistiú faighte cheana féin ag an Ionad Taighde Theicneolaíocht Bogearraí (SToRC) agus tá líon mac léinn ag déanamh taighde ar ríomhaireacht agus ar cheol ann. Rinne HETAC athbhreithniú ar an Institiúid i Nollaig 2006 agus fuarthas formheas chun mic léinn a chlárú ar bhonn cáis ar leibhéal 9 (taighde) le haghaidh Ríomhaireacht agus Mata (faoi Fhaisnéisíocht) agus Ceol. Seo í an chéad chéim i leith údarás tarmligthe le haghaidh taighde ar leibhéal 9 sna réimsí sin. Reáchtáladh an tríú Collóciam Taighde Ceoil i mí na Nollag 2006 agus an ceathrú ceann i mBealtaine 2007.

Taispeántí Tionscadal agus Taibhithe Poiblí

Eagraíodh taispeántas bliantúil na gcéimithe i bhFoirgneamh PJ Carroll den chéad uair i mí an Mheithimh. Fís 2007 a tugadh ar an taispeántas sin inar chuir mic léinn ó na Meáin Chruthaitheacha a gcuid tionscadal ar taispeáint.

Taispeántán in Fís 2007

(Ó chlé) Dermot Ahern – Aire Gnóthaí Eachtracha, Ms. Kathryn Byrne – Bord of CIE, Denis Cummins – Stiúrthóir na hInstitiúide, Tim Hayes – CEO Bhus Éireann

Tionscadal Athchóirithe PJ Carroll

Cuireadh borradh faoi athlonnú na Scoile i bhFoirgneamh PJ Carroll, athlonnú atá beartaithe le fada an lá, nuair a fuarthas cead pleanála in earrach 2007 do na hoibreacha beartaithe, tar éis Foireann Dearaidh Tionscadail a bheith ceaptha agus na cainteanna tosaigh a bheith ann i dtaobh dearadh na saoráidí beartaithe.

Athruithe ar an bhFoireann

Rinneadh roinnt athruithe ar fhoireann bhainistíochta na Scoile i gcaitheamh na bliana. Ceapadh an Dr.Gerard (Bob) McKiernan ina Cheann Scoile i mBealtaine 2007 tar éis dó a bheith ag gníomhú sa ról ó Mhárta 2006. Ceapadh Mr. Gerry Gallagher in áit Mr. Shane Dowdall mar Cheann na Roinne Ríomhaireachta agus Matamaitice i nDeireadh Fómhair 2006 agus Ms Caroline O'Sullivan ina Ceann gníomhach ar an Roinn Ceoil & Meán Cruthaitheach, ar feadh tréimhse trí mhí ó Fheabhra 2007 fad a bhí an Dr Eibhlís Farrell ar iasacht mar ealaíontóir cónaithe in Ollscoil Banff, Ceanada. Ceapadh Mr. Derek O'Reilly ina Léachtóir Sinsearach 1 (Teagasc).

Cór agus Ceolfhoireann na hInstitiúide

Roinn 3

Gníomhaíochtaí Forbartha

3.1 Clár Bainistíocht Sábháilteachta na hInstitiúide: Foramharc

Is iad seo a leanas Téarmaí Tagartha an ISMC:

- Líonraí maithe cumarsáide maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ar fud na hInstitiúide a bhunú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Tacú le hobair na gCoistí Sábháilteachta i Réimsí Feidhme.
- A chinntiú go ndéantar athbhreithniú agus uasdátú rialta de réir mar is gá ar Chóras Bainistíocht Sábháilteachta na hInstitiúide, lena n-áirítear an Ráiteas Sábháilteachta.
- Moltaí ar riachtanais bhuiséadta Sláinte agus Sábháilteachta a dhéanamh don Bhainistíocht Shinsearach.
- Tuairisciú don Bhord Feidhmiúcháin ar obair an Choiste agus ar obair na gCoistí Sábháilteachta i Réimsí Feidhme.
- Athruithe sa reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta a chur san áireamh agus comhairle a chur ar an Uachtarán agus ar an mBord Feidhmiúcháin ar a n-impleachtaí.

3.2 Baill Choiste Monatóireachta ar Shábháilteacht na hInstitiúide

M.F. 2006 – Lúnasa 2008

Cathaoirleach	Bob McKiernan	An Scoil Faisnéisíocht & Ríomhaireachta
Comhordaitheoir Sláinte agus Sábháilteachta	Brendan Carthy	Oifigeach Cúnta Foirgneamh
Ex-officio	Henry McLoughlin	Maor-Airíoch
Ex-officio	Luke McGahon	Uachtarán, Aontas na Mac Léinn
Ionadaithe Réimse	Brian Dunlevy	An Scoil Sláinte agus Eolaíochta
	Donal Kieran	Réimse Feidhme an Rúnaí/an Rialtóra Airgeadais
	Fiachra O'Cuinneagain	An Scoil Faisnéisíocht & Ríomhaireachta
	Henry McLoughlin	Réimse Feidhme Forbartha
	Jimmie McKeown	Réimse Feidhme an Chláraitheora
	Larry Quigley	An Scoil Innealtóireachta
	Maeve McQuillan	Réimse Feidhme an Rúnaí/an Rialtóra Airgeadais
	Martin McCourt	An Scoil Faisnéisíocht & Ríomhaireachta
	Michael McCorry	An Scoil Gnó & Daonnachtaí
	Michelle Finnegan	Réimse Feidhme Forbartha
	Orlagh Devine	Limistéar Feidhme an Chláraitheora
	Sharon Tuohy	Limistéar Feidhme an Chláraitheora
	Mr. Stephen McManus	Limistéar Feidhme Rúnaí an Rialaitheora Airgeadais
	Tony Richardson	Limistéar Feidhme Rúnaí an Rialaitheora Airgeadais

Cruinnithe ISMC M.F. 2006 – Lúnasa 2007

2006/2007
Uimh. 12 20 Meán Fómhair
Uimh. 13 23 Samh
Uimh. 14 23 Eanáir
Uimh.15 14 Márta
Uimh. 16 18 Meith.

3.3 Forbairt an Champais

Rinneadh dul chun cinn i gcaitheamh na bliana acadúla maidir leis an gclár forbartha campais a chur i bhfeidhm. I measc na móroibreacha a cuireadh i gcrích bhí:

a Obair phleanála agus dearaidh chun 11,000m2 d'fhoirgneamh Uí Chearúil a thiontú d'úsáid na Scoile Faisnéisíochta, Ceoil agus Meán Cruthaitheach. An Oifig Eastát i gcomhar le hailtirí Scott Tallon Walker and na Cinn Scoile agus Roinne a mbeidh tionchar ag an tionscadal orthu atá i mbun an dearaidh agus an iarratais phleanála. Cuireadh tús i Meitheamh 2007 le conradh oibreacha cumasúcháin mar ullmhúcháin do na príomhoibreacha. Faoi réir na pleanála agus tairiscint rathúil níos déanaí sa bhliain táthar ag súil le tús a chur le hoibreacha ar an láthair sa bhliain 2008. A luaithe a bheidh na hoibreacha tugtha chun críche sa bhliain 2010 ní bheidh cóiríocht amach ón gcampas de dhíth ar an Institiúid nós mó don Roinn Ceoil agus Meán Cruthaitheach.

b Tugadh an bhialann agus an áit amharclainne bosca dubh, a cuireadh ar fáil de thoradh malartú talún faoi Phróiseas Soláthair Phoiblí (PPP), ar láimh tar éis a gcríochnú i mí Eanáir 2007. Cuireadh tús le hoibríochtaí ag an tsaoráid in Aibreán 2007 agus tá siad á soláthar faoi chonradh ag Campbell Catering. Tá ag éirí go rímhaith leis an tsaoráid agus cuireann sé rogha leathan béilí ar fáil agu áit suí do suas le 700 mac léinn.

c Cuid eile den Chomhphairtíocht Phríobháideach Phoiblí ab ea an bloc nua cóiríochta do mhic léinn a chríochnaigh Bennett Construction. Is iad Ely Properties a cheannaigh agus a oibreoidh an tsaoráid. Tá an bloc nua suite ar na tailte a fuarthas mar mhalairt ar thailte eile agus tá sé cóngarach don champas. Tá slí do 200 mac léinn sna haonaid chóiríochta.

d Tríd an gClár Deontas Cineachta do Mhionoibreacha cuireadh tús le raon tionscadal athchóirithe i gcaitheamh na bliana. Ina measc bhí clár oibreacha chun uasghrádú Sláinte agus Sábháilteachta a dhéanamh i seanfhoirgnimh, athchóiriú a dhéanamh ar na seanáiteanna ceaintín chun saotharlann bhreise agus áiseanna oifige a dhéanamh astu do na Scoileanna Innealtóireachta agus Altranais, Cnáimhseachais, Sláinte agus Eolaíochtaí Feidhmeacha agus Seomra Coiteann nua a sholáthar do Mhic Léinn. Cuireadh an ceann deireanach sin ar fáil i bhFoirgneamh Faulkner de thoradh na n-áiseanna itheacháin a bheith aistrithe go dtí an bhialann nua.

e Chun na deacrachtaí páirceála ar campas a réiteach, d'fhormheas an Comhlacht Rialaithe Straitéis Bainistíochta Tráchta. Ceapadh limistéir ainmnithe páirceáil saor in aisce agus limistéir íoc agus taispeáin agus ceapadh cuideachta bhainistíochta páirceála chun an clár rialaithe trachta aontaithe a oibriú. Cuirfear tús leis an gclár i nDeireadh Fómhair 2007.

3.4 Taighde, Forbairt & Nuáil

I measc obair na hInstitiúide sa réimse Taighde, Forbairt agus Nuáil sa bhliain acadúil bhí:

a Bhí rath ar an Institiúid i réimse na nDaonnachtaí, na hEolaíochta Sóisialta agus an Cheoil faoi Chiste PRTLI i dTionscadal Foras Feasa faoi cheannas Ollscoil na hÉireann Mhá Nuad.

b Fuartas tacaíocht ón Údarás um Ardoideachas do Chlár Cúnaimh na hÉireann thar lear faoi cheannas an Ionaid do Staidéar Úruisce agus an Ionaid Fuinnimh In-athnuaite (CREDIT).

c D'óstáil an Institiúid roinnt comhdhálacha lenar áiríodh "Stimulating and Harnessing Innovation" i gcomhar le Líonra, "Aware Home/Aware Care" leis an Ionad Netwell agus an Chomhdháil um Thaighde ar Fháilteachas agus ar Thurasóireacht in Éirinn.

d Bunaíodh an chéad Chlár Intéirneachta Fiontraíochta do Mhic Léinn in earnáil na hInstitiúide.

e Formheasadh seacht gcinn de chuideachtaí gorlainne le haghaidh an Ionaid Forbartha Réigiúnaí agus Ionad Forbartha Chnoc an Mhuilinn.

f Bhronn an Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil Ánracht Iar-Dhochtúireachta arbh fhiú €187,000 é ar an Ionad Náisiúnta do Staidéar Úruisce.

g Bhí an Institiúid bainteach le dhá cheann de Chomhpháirtíochtaí Nuálaíochta agus dhá cheann de Thionscadal bhreise FUSION.

h Cuireadh oiliúint ar 36 fiontraí san Ionad i raon Clár Tacaíochta Fiontraíochta lena n-áiríodh Clár Geata Nuála na Teorann, an Tionscadal Monarchan um Meáin Nua, Clár Ardán Fiontraíochta Novation agus an Clár Forbartha Fiontraíochta um Fhuinneamh In-athnuaite.

i Fuair cúigear taighdeoirí ó na Scoileanna Altranais, Staidéar Sláinte agus Eolaíochta Feidhmí, agus Faisnéisíocht, Ceol, agus Meán Cruthaitheach cistiú sa Chlár Taighde don Earnáil Teicneolaíochta, Snáithe 1 (sruth Eolaíochta agus Teicneolaíochta) agus bronnadh cistiú ar dhá iarratas sa sruth Gnó agus Daonnachtaí. D'éirigh le seacht dtionscadal de chuid na hInstitiúide deontais de bhreis is €300,000 a fháil.

j Tar éis glao náisiúnta ar thograí ó Fhiontraíocht Éireann faoin gClár Trealaimh Taighde, fuair 3 thogra ón Institiúid €1.29m i gcistiú tar éis próiseas meastóireachta mionsonraithe. Bronnadh €615k ar an Ionad um Fhuinneamh In-athnuaite, €488,864 ar an Ionad Taighde ar Mhatán Réidh agus €176,759 ar Netwell/STORC. Chumasaigh an cistiú do gach ionad infheistíocht a dhéanamh in ardtrealamh nua taighde agus i gcórais chun tacú lena gcláir taighde.

k D'éirigh leis an RDC tionscadal treorach a fháil i réimse na bainistíochta nuála le haghaidh Fiontar Beag agus Meánmhéide. Thacaigh an Clár Fáis Ghnó Novation, arna chistiú ag FÁS, le naoi gcinn de chuideachtaí áitiúla.

Gníomhaíochtaí Forbartha

Seoladh Chlár Intéirneachta Fiontraíochta na Mac Léinn 2006/2007

← **Ó chlé:** An tOllamh Wendy Kennedy, Sean MacEntee (Bainisteoir an Ionaid Ghoir), Mary Larkin (Intéirneach Mac Léinn), Denis Cummins (Stiúrthóir

➔ Bialann Nua agus Amharclann an Bhosca Dhuibh a críochnaíodh agus a tugadh ar láimh in Eanáir 2007

← Mary Hanafin ar cuairt le deireanas ar Chigireacht na Roinne Oideachais, atá lonnaithe san RDCÓ chlé: Sean Mac Entee, Tommy Fegan, Gerard Mc Guill, Mary Hanafin, Diarmuid Dullaghan, Padraig Kirk

➔ Chéad chuairt Peter Hain ar Dhún Dealgan, lenar áiríodh cuairt ar an Institiúid agus ar Chrios Fuinnimh Inmharthana Dhún Dealgan 2020. (11 Meán Fómhair 2006)
Ó chlé: *David Taylor - POF of Fuinneamh Inmharthana Éireann (SEI), Denis Cummins - Stiúrthóir na hInstitiúide Dermot Ahern - Aire Gnóthaí Eachtracha, Peter Hain - Rúnaí Stáit Thuaisceart Éireann Larry Staudt - DkIT (Stiúrthóir CREDIT), Declan Meally - SEI (Bainisteoir Dhún Dealgan 2020*

Section 4

Cuntais Iníúchta

4.1 Tuairisc ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachais

Tá ráitis airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2007 iniúchta agam faoi Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992.

Tá na ráitis airgeadais a réitíodh faoi na beartais chuntasaíochta leagtha amach iontu, comhdhéanta de Ráiteas na mBeartas Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, Ráiteas an tSreafa Airgid agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí Faoi Seach na hInstitiúide agus an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá an Institiúid freagrach as ráitis airgeadais a réiteach de réir Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992 agus chun rialtacht na n-idirbheartaíochtaí a chinntiú. Ullmhaíonn an Institiúid na ráitis airgeadais de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis i gCoitinne in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta de chuid bhaill an Bhoird Stiúrtha leagtha amach sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide.

An fhreagracht atá ormsa ná iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na riachtanas ábhartha dlí agus rialúcháin agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (RA agus Éire). Tuairiscím mo thuairim cibé an dtugann na ráitis airgeadais amharc fírinneach agus cothrom, de réir an Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta aige in Éirinn. Tuairiscím chomh maith cibé ar coimeádadh leabhair chearta cuntais, i mo thuairim. Lena chois sin, dearbhaím cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le leabhair na gcuntas.

Tuairiscím aon ócáid ábhartha nuair nár caitheadh airgead chun na críocha a ceapadh dó nó i gcás nach ngéilleann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad. Tuairiscím chomh maith cibé an bhfuair mé gach eolas agus míniú riachtanach chun críche m'iniúchta.

Athbhreithním cibé an léiríonn an Ráiteas um Rialú Airgeadais Inmheánach géilliúlacht na hInstitiúide do dhréacht-threoir maidir le rialachas corparáideach, arna eisiúint ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, agus tuairiscím aon ócáid ábhartha nuair nach amhlaidh, nó má tá an ráiteas míthreorach nó neamhleanúnach le heolas eile a bhfuil teacht agam air ón iniúchadh a rinne mé ar na ráitis airgeadais. Níl aon cheangal orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Airgeadais Inmheánach gach riosca agus rialú airgeadais, nó teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta riosca agus rialaithe.

Bunús na Tuairime Iniúchta

I bhfeidhmiú m'fheidhm mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Chuntasaíocht (RA agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord Cleachtas Iniúchóireachta agus le tagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le bainistiú oibríochtaí ad hoc a ghabhann le comhlachtaí a fhaigheann cistiú substaintiúil ón Stát. Áirítear mar chuid d'iniúchadh, scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann leis na méideanna agus na nochtuithe agus rialtacht na ráiteas airgeadais, agus cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na hInstitiúide, an gcuirtear i bhfeidhm iad ar bhonn comhsheasmhach agus an nochtar iad mar is ceart. Phleanáil agus rinne mé m'iniúchadh chun teacht ar an eolas agus ar na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun dóthain fianaise a chur ar fáil dom a thabharfadh deimhniú réasúnta go raibh na ráitis airgeadais saor ó mhíthuairisc cibé trí chalaois nó trí mhírialtacht nó earráid eile. Chun teacht ar mo thuairim, mheas mé fiúntas an eolais a tugadh tríd is tríd sna ráitis airgeadais.

Tuairim

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léiriú fírinneach cothrom, de réir an Chleachtais Chuntasaíocht a nGlactar leis i gCoitinne in Éirinn, de staid ghnóthaí an Ghrúpa ag 31 Lúnasa 2007 agus dá ioncam agus dá chaiteachas don bhliain dar críoch sin. I mo thuairim, bhí leabhair chuntais chearta á gcoimeád ag an mBord. Réitíonn na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

John Buckley
Ard-Reachtaire Cuntas agu Ciste
16 Nollaig 2008

4.2 Cuntas Comhdhlúite Ioncaim agus Caiteachais don bhliain dar críoch an 31 Lúnasa 2007

	2007 Euro`000	2006 Euro`000
Ioncam		
Deontas Stáit	21,935	20,876
Scaoileadh ó Chuntas Caipitlíochta	6,015	3,601
Táillí Teagaisc	8,190	7,433
Táillí Clárúcháin Mac Léinn	3,139	2,666
Ioncam Úis	39	10
Comhairleacht agus Forbairt Taighde	3,526	3,237
Ioncam Eile	5,797	5,054
Brabús ar Thalamh a Chur de Láimh	4,729	-
	53,370	42,877
Caiteachas		
Ranna Acadúla	24,274	23,041
Seirbhísí Acadúla	1,268	1,233
Áitreabh	3,015	2,453
Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha	4,796	4,467
Costais Ghinearálta Oideachais	276	225
Áiseanna agus Taitneamhachtaí Mac Léinn	1,781	1,695
Comhairleacht agus Forbairt Taighde	3,788	3,384
Dímheas	2,847	3,603
Eile	2,031	1,816
Aistriú chuig Cuntas Caipitlíochta	7,900	-
Barrachas Oibríochta/(Easnamh)	1,394	960
Aistriú chuig Cúlchiste Srianta	(376)	31
	1,018	991
Barrachas Carntha (Easnamh) Ag 1 Meán Fómhair	(339)	(1,330)
Barrachas Carntha (Easnamh) Ag 31 Lúnasa	679	(339)
Arna shíniú thar cheann an Chomhlachta Rialachais:		
	Joanna Gardiner	
	Denis Cummins	

4.3 Clár Comhardaithe Comhdhlúite amhail ar 31 Lúnasa 2007

	2007 Euro '000	2006 Euro '000
Sócmhainní Seasta		
Sócmhainní inbhraite	85,862	79,048
	85,862	79,048
Sócmhainní Reatha		
Stoc	22	33
Féichiúnaithe	4,962	2,007
Airgead sa bhanc agus ar láimh	4,119	2,927
	9,103	**4,967**
Dliteanais Reatha		
Creidiúnaithe - Méideanna a dhlífear laistigh de bhliain	(7,808)	(4,741)
Glansócmhainní Reatha	1295	226
Sócmhainní Iomlána Lúide Dliteanais Reatha	87,157	79,274
Glansócmhainní	87,157	79,274
Arna ionadú ag		
Cúlchistí		
Cuntas Caipitlíochta	85,858	79,040
Cuntas Forbartha	95	95
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	679	(339)
Cúlchiste Srianta	525	478
	87,157	79,274
Arna shíniú thar cheann an Chomhlacht Rialachais:		
	Joanna Gardiner	
	Denis Cummins	